Taobh le taobh lena ról ar fhianaise carachtair a éileamh mar chuid de phróiseas an chlárúcháin, déanann an Chomhairle comhordú freisin ar shocruithe seiceála na nGardaí do mhúinteoirí nua a bhíonn ag dul isteach sa mhúinteoireacht agus do mhúinteoirí eile a bhíonn á gceapadh chuig poist mhúinteoireachta agus gan seiceáil déanta orthu sa bliain chéanna féilire ná sa bliain roimhe sin.

Tá na sonraí a bhaineann le nósanna imeachta don earcú, ar a n-áirítear riachtanais do sheiceáil an Gharda, leagtha amach in Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna 0063/2010, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2011. Tagann an Imlitir seo in ionad Imlitir 0094/2006.

• Grúpa Oibre

I mí na Nollag 2008, thionóil an Chomhairle cruinniú de na páirtithe uile a raibh spéis acu sa bhforbairt ar phróiseas do sheiceála an Gharda do na múinteoirí cláraithe uile a bhí sa tseirbhís roimh bhunú na Comhairle Mhúinteoireachta i 2006, agus nár tháinig fós faoi réir ag seiceáil an Gharda Síochána. Bunaíodh Grúpa Oibre ag an am sin a bhuil dul chun cinn suntasach déanta aige maidir le córas seiceála a chur i bhfeidhm don uile mhúinteoir. Tá an grúpa oibre tar éis scríobh go dtí an Aire Oideachais agus Scileanna ag tabhairt cur síos ar an dul chun cinn go dáta agus ag éileamh cúnaimh an Aire maidir le gnóthaí reachtacha agus acmhainne atá aitheanta a réiteach.

Ar mhaith leis an bpróiseas d’iarratas seiceála an Gharda Síochána a shimpliú, tá rogha ar líne á fhorbairt ag an gComhairle agus táthar ag súil go mbeidh sé seo i bhfeidhm i 2011. Idir an dá linn tá leasú déanta, i gcomhpháirt le Láirionad Seiceála an Gharda Síochána, ar an bhfoirm iarratais do sheiceáil an Gharda Síochána ionas go mbeidh sé níos furasta le húsáid.

• Staitisticí don Bliain Tuairiscithe

Sa bliain tuairiscithe, chomhlánaigh 9,164 iarratasóirí an próiseas ar Fhianaise ar Charachtar.

I gcás 199 iarratasóirí, tháinig nochtadh chun solais ó Larionad Seiceála an Gharda Síochána maidir le ciontuithe nó imchuísimh agus cuireadh iad seo faoi bhráid Phainéal na Comhairle ar Fhianaise Carachtair dá bhreithmheas. Agus iad ag baint úsáide as treoirlínte atá faomhtha ag an gComhairle Mhúinteoireachta, déanann an Painéal cinneadh maidir le hábharthacht a leithéid de chiontú ar oiriúnacht mhúinteora don chlárú. Mar aon leis sin, rinne an Painéal breithmheastóireacht ar líon beag tortaí araónacha ó chomhailí mhúinteoreachta nó óna leithéid de chomhlachtaí gairmiúla i ndlínsí eile. Níor diúltáidh cead ar an gClár, mar thoradh ar Fhianaise ar Charachtar, d'aon mhúinteoir le linn na bliana ar a bhuil tuairisciú á dhéanamh.

Tá na Treoirlínte a úsáideann an Painéal ar Fhianaise Carachtair nuair a bhíonn breithmheastóireachtaí ar chiontuithe agus ar imchúisimh ar feitheamh á ndéanamh, foilsithe ar www.oide.ie

1.1.6. Athnuachan Clárúcháin

Caithfidh múinteoirí cláraithe a gclarúchán a athnuachan go bliantúil. Do thart ar 67% de mhúinteoirí is é an dáta seo ná 28 Márta. Roimh an dáta sin, tugadh cuireadh do 47,379 mhúinteoirí a gclarúchán a athnuachan don tréimhse go dtí 28 Márta 2012.

Mar thaca leis na coir poist, cuireadh ríomhphostanna go múinteoirí ar an gClár a raibh ríomhphost tugtha acu. Cuireadh eolas faoin gclarúchán agus faoin athnuachan in Oide, nuachtlitir na Comhairle, ar láithreán gréasáin na Comhairle, i bhfoilseacháin na bpáirtithe leasmhara. Chuir an Chomhairle líne gutháin ar leith ar fáil freisin chun cuidiú leis na fiosrúcháin faoi athnuachana clárúcháin.

Is é an próiseas clárúcháin céanna a bhaineann leis an 33% eile de mhúinteoirí a dtíteann dáta a gclarúchán ag am eile i bhfeilire na bliana.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, ghlac 45% de mhúinteoirí an deis chun a gclarúchán a athnuachan ar líne leis an áis Rochtaín Múinteora Cláraithe. Is bealach íocaíochta cost-éifeachtúil é a laghadaíonn go suntasach méid an doiciméadacháin cruachóipe a bhíonn á phróiseáil ag an gComhairle Mhúinteoreachta mar aon le na héifeachtaí riarracháin a leanann.

1.1.7. Táille Athnuachana Clárúcháin

Rinne an Chomhaire athbhreithniú le linn na bliana tuairiscithe ar an táille clárúcháin €90, a raibh faomhadh tugtha do ag an Aire Oideachais agus Scileanna i 2007, agus socraíodh gan aon athrú a dhéanamh air seo faoi láthair. Cuireann an táille bunús faoi stádas na Comhairle mar chomhlacht rialaithe féin-mhaoinithe. Is féidir liúntas cánach mar chostas oibre a éileamh i gcoinne na táille agus déantar é seo a chur leis an mbunráta costais a cheadaítear. Ciallaíonn sé seo gur cosúla an táille i bhfíorthéarmaí le €53 in aghaidh na bliana dóibh siúd a mbíonn an ráta ard cánach á dhíol acu.

Tá an táille bunaithe ar na leibhéal meastúchán caiteachais, agus socraítear é lena dheimhniú go mbíonn na hacmhainní is gá ag an gComhairle chun a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. I ngeall ar an mhoill atá le túis a chur le roinnt feidhmeanna de chuid na Comhairle, agus dá réir na speansais a bhaineann lena leithéid a bheith curtha siar, tá barrachas ag an gComhairle. Nuair a bhíonn feidhmeanna breise á nglacadh ag an gComhairle méadóidh a costas go mór agus í ag tabhairt faoi théarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh. Bainfear úsáid as an mbarrachas reatha chun plé leis na costais oibríochtúla breise ach an táille á choimeád ag an leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair.

1.1.8. Eolas a Rochtaí ar an gClár

Tá an t-eolas ar an gclár ar fáil do thrí chomhghrúpa – an pobal, múinteoirí agus na húdaráis párolla (i.e., an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an 33 CGO). Tá an creat a úsáidtear chun éascaíocht a dhéanamh ar rochtain an Chláir ar fáil i Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoreachta 2009.

Is féidir la ball den phobal úsáid a bhaint as an saoráid ‘Cuardaigh an Clár’ ar www.oide.ie chun a fháil amach an bhfuil duine cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoiriachta. Baineadh úsáid as an áiséiteacht 452 uaire ar an meán le linn na bliana tuairiscithe.

Ceadaíonn an áiséiteacht Rochtain do Mhúinteoirí Cláraithe breathnú ar gach eolas a bhaineann leo ar an gClár agus iarratas a dhéanamh don uasdhátú ar a sonraí pearsanta nó fostaochta. Le linn na bliana tuairiscithe rinneadh 6,730 uasdhátú nó leasú ar an gClár mar thoradh ar iarratais ar líne ó mhúinteoirí.

1.2. Caighdeán don Iompar agus don Chleachtas Gairmiúil a Chothabháil

Tá ardchaighdeáin ghairmiúla mar shaintréith ag gairm na múaiteoiriachta agus tá ról tábhachtach ag an gComhairle Mhúinteoiriachta lena dheimhniú go seastar leis na caighdeáin. Déantar an ról a chur i gcrích trí Chóid lompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsíú agus a chur chun cinn ina ndéantar cur síos ar na caighdeáin chuí don ghairm i gcleachtas agus in iompar gairmiúil. Nuair a thugtar tús feidhme don alt ábhartha den Acht um Chomhairle Mhúinteoiriachta, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoiriachta iniúchadh ar ghearáin a déantar i gcoinne múaiteoirí cláraithe agus déanfar smachtaí a chur i bhfeidhm nuair a shíltar é bheith cuí a leithéid a dhéanamh.

1.2.1. Na Coid lompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Foilsíodh na Coid lompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí i 2007. Tá siad curtha i láthair i dtrí chuid. Déantar cur síos sa chéad chuid ar na croíluachanna atá mar bhunchloch leis an ngairm agus a bhíonn mar thréithe i ngach gnéith d'obair an mhúinteora. Sa dara cuid déantar cur síos ar na caighdeáin sa chleachtas gairmiúil a bhíonn á éileamh don ghairm. Sa trú cuid pléitear leis an iompar gairmiúil. Nuair a cuirtear na trí chodanna san áireamh léiríonn na Coid an chastacht a bhaineann leis an mhúinteoiriachta nuair a bhíonn sí á láimhseáil ag comhghleacaithe, ag mic léinn, ag tuismitheoirí, ag páirtithe leasmhara agus ag gníomhaireachtaí, mar aon leis an bpobal níos leithne, i gcompháirt le chéile.

I gcaitheamh na bliana, chríochnaigh an Chomhairle aischothú ar na Coid, tar éis próiseas ar cuireadh tús leis i 2009. Foilsíodh Cód athbhreithnithe ina dhiaidh sin don chomhairliúchán sa bhfómhar 2011.

1.2.2. Iniúchadh ar Ghearáin

Beidh an t-iniúchadh ar ghearáin a bhaineann le hoiriúnacht don teagasc ag múaiteoirí cláraithe mar cheann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoiriachta. Má déantar gearán faoi mhúinteoir cláraithe, beidh an t-údarás ag an gComhairle an gearán a iniúchadh agus cinneadh a dhéanamh ar chóir plé leis trína nósanna imeachta don araónacht. Más cuí beidh an Chomhairle ábalta smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcoinne an mhúinteora a bhíonn i gceist.

Tá raon smachtbhannaí a d'fhéadfadh Coiste Araónacha na Comhairle a chur i bhfeidhm ó choinníollacha ar chlárúchán an mhúinteora go dtí é/í a chur ar fionraí nó a bhaint de Chlár na Múinteoirí. Séard a bheadh i gceist leis an gceann deireanach nó go ndéanfaí ceadúnas an mhúinteora don teagasc a bhaint. Is ionann a leithéid agus an ról a bhíonn ag comhlachtaí gairmiúla eile maidir le caighdeáin a rialú.

Níl túis curtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna le feidhmeanna imscrúdaithe agus araónacha na Comhairle, mar atá thuas. Tuigeann an Chomhairle go bhfuil sé i gceist ag an Aire túis a chur leis na feidhmeanna seo ag an am céanna le túis feidhme Ailt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoirreachta. Sula gcuirtear túis leis sin, tá an Chomhairle gníomhach cheana féin san ullmhú dá ról sa ghnó seo.

I rith na bliana, d'fhreastail baill de na Coistí lmscrúdaithe agus Araónacha ar raon éisteachtaí ar an Oiriúnacht don Chleachtas a bhí ag comhlachtaí gairmiúla eile. Ta uasdhátú breise déanta ag na Coistí ar na dréacht Rialacha do Nósanna Imeachta na bPainéal Araónacha agus ar dhoiciméadachán eile maidir le nósanna imeachta. Táthar ag leanúint leis an dréachtadh ar raon ábhar treorach do bhaill an phobail agus do mhúinteoirí cláraithe, a fhoilseofar a luaithe agus a mbíonn túis feidhme tugtha do na forálacha ábhartha.

2. Caighdeáin agus Inniúlachtaí Múinteoiriachta mar aon le Cailíochtaí an Teagaisc agus na Foghlama sa Stát a Chothabháil agus a Fheabhsú

Is croí luach é an barrchleachtas sa mhúinteoiriachta a threoraíonn an Chomhairle ina cuid oibre agus a cuirtear chun cinn trí na Coid lompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus trí ról na Comhairle in oideachas múinteoirí.

2.1. Oideachas Múinteoirí

Bronnann an tAcht um Chomhairle Mhúinteoiriachta, 2001 cumhactaí suntasacha ar an gComhairle chun oideachas múinteoirí a mhúnlú agus a phorbairt ag gach céim i ngairm an mhúinteora.

I mí na Nollag 2010, d'fhoilsigh an Chomhairle don chomhairliúchán a dréacht *Polasaí don Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*, ag leagan amach a fíos d'oideachas múinteoirí ag gach céim de ghairm na múinteoiriachta, ón oideachas tosaigh múinteora go hionduchtú agus go dtí an phorbairt ghairmiúil leanúnach. Bhí ardleibhéal rannpháirtíochta mar fhreagairt ar an dréacht agus glacadh le níos mó ná 200 aighneacht. Ag deireadh na bliana ar a ndéantar tuairisciú, bhí an Chomhairle ag plé leis an aischothú uile a fuarathas. Foilsíodh an polasaí páipéar deiridh ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2011 agus tá fáil air ar www.oide.ie

2.1.1. Oideachas Tosaigh Múinteoirí

2.1.1.1. Caighdeán Iontrála

Tá ról reachtúil ag an gComhairle Mhúinteoiriachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin is gá don iontráil chuig gairm na múinteoiriachta, ar a n-áirítear na caighdeáin eolais, scile agus inniúlachta is gá do chleachtas na múinteoiriachta.

Leagtar amach na riachtanais iontrála do mhúinteoirí ar mian leo a bheith cláraithe i Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoiriachta, 2009. Tugann na Rialacháin aonfoirmeacht bhereise do na riachtanais iontrála chuig gairm na múinteoiriachta ag leibhéal an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhereisoideachais.

2.1.1.2. Iontráil chuig Earnáil an Bhreisoideachais

Leagadh amach i Rialacháin [Clárúchán] na Comhairle Múinteoiriachta, 2009, go mbeadh, ó 1 Aibreán 2013, ar iarrathóirí ar mian leo a bheith cláraithe faoi Rialachán 5 (Breisoideachas) cailíocht oideachais aitheanta a bheith acu don mhúinteoiriachta. Thosaigh próiseas comhairliúcháin i mí lúil 2008 chun na riachtanais dá leithéid de chláir oideachas múinteora a phorbairt, agus mar thoradh air foilsíodh i mí Mártá 2011 *Riachtanais Ginearálta agus Clár don Chreidiúnú ar Cháilíochtaí Oideachas Múinteora [Breisoideachas]*.

Déanann an doiciméad rianadh ar na riachtanais is gá do sholathróirí clár a shásamh más mian leo go meadh creidiúnú ag a gcláir ón gComhairle. Go hachomair, caithfidh cláir a bheith ag Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, agus íosmhéid de 60 creidiúint ECTS a bheith acu. Tá íoscheanglais leagtha síos i réimsí na gcroíluachanna, prionsabail agus aidhmeanna, struchtúr agus ábhair, bunús teoiriciúil, staidéir ghairmiúla agus clár don chleachtadh praiticiúil. Leagtar síos freisin saintorthaí foghlama i réimsí cumarsáide agus caidreamh, teagasc, foghlaim agus measúnú, eolas ar ábhar agus curaclam mar aon le grúpbhainistíocht agus eagrúchán.

Táthar ag síul go mbeidh athbhreithniú agus creidiúnú á dhéanamh ag an gComhairle ar cháilíochtaí nua d'earnáil an bhreisoideachais ag deireadh 2011..

2.1.1.3. Athbhreithniú agus Creidiúnú

Tugann an t-athbhreithniú agus an creidiúnú ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí deis d'Institiúidí Ardoideachais a léiriú go bhfuil a gclár oriúnach chun mic léinn a ullmhú don iontráil chuit gairm na múinteoireachta, i.e. go bhfuil siad deartha agus curtha i láthair ar bhealach a thugann deis do mhic léinn eolas, scileanna agus inniúlachtaí mar aon leis na dearcaidh agus na meoin ghairmiúla a bhaineann go lárnach le cleachtas na múinteoireachta, a fhorbairt.



An Painéal Athbhreithnithe do Choláiste Phádraig, Droim Conrach, mar aon le foireann ón gcoláiste.

Sa bhliain tuairiscithe, críochnaíodh an t-athbhreithniú ar cheithre chlár agus foilsíodh na tuarascálacha ábhartha ón bPainéal Athbhreithnithe ar ghréasán na Comhairle. Ba iad na ceithre chlár ná:

- Dioplóma larchéime san Oideachas, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath;
- Dioplóma larchéime san Oideachas, Coláiste Phádraig, Droim Conrach;
- Baitsiléar Eolaíochta (Oideachas) i bhFisic agus i gCeimic, Ollscoil Luimní;
- Baitsiléar san Oideachas, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Cuireadh tú leis na hathbhreithnithe ar cheithre chlár eile i 2010 agus bhí siad seo fós idir láhma ag deireadh na bliana ar a ndéantar tuairisciú. Bhain siad sin le:

- Dioplóma larchéime san Oideachas, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad;
- Ard Dioplóma san Ealaín do Mhúinteoirí Ealaíne is Deartha, Institiúid Theicneolaíochta Luimní;
- Baitsiléir Oideachais Reiligiúnda (Béarla, Stair agus Ceol), Institiúid Oideachais Mater Dei;
- Ard Dioplóma san Oideachas (Bunleibhéal), Coláiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino.

Sa bhliain tuairiscithe freisin, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna mar a bhí, Mary Coughlan, TD, go raibh sé i gceist aici cur le fad gach clár Baitsiléara Oideachais go ceithre bliana, agus le gach Dioplóma lar-Chéime san Oideachas agus Dioplóma Céime go dhá bhliain. Cruthóidh sé seo mórdheiseanna d'athchoincheapú na gclár. Sa chomhthéacs sin, i mí na Nollag 2010 bhunaigh an Chomhairle grúpa comhairleach chun critéir agus treoirlínte a fhorbairt do sholáthróirí a mbíonn cláir oideachas tosaigh múinteoirí á ofráil acu. Chuir an grúpa comhairleach a haighneacht faoi bhráid na Comhairle i mí an Mheithimh 2011 agus rinneadh na critéir agus na treoirlínte a dháileadh ina dhiaidh sin ar na hInstitiúid Ardoideachais uile. Cuideoidh na critéir agus na treoirlínte seo le hInstitiúid Ardoideachais athchoincheapú a dhéanamh ar a gclár agus a dheimhniú go sásáíonn siad riachtanais na Comhairle don chreidiúnú gairmiúil. De réir a téarmaí tagartha maidir le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chritéir iontrála, tá moltaí sa doiciméad d'athruithe sna riachtanais iontrála ar chláir oideachais do bhunmhúinteoirí. Thosaigh phróiseas clárúcháin ar na moltaí seo sa bhfómhar 2011.

2.1.1.4. *Creidiúnú ar chláir nua*

Sa bhliain tuairiscithe, fuair an Chomhairle iarratas amháin ó Institiúid Ardoideachais don chreidiúnú ar chláir nua d'oideachas tosaigh múinteoirí.

Fuarthas 19 iarratais eile don aitheantas ó chláir céime ag éileamh faomhaidh don mhúinteoiríreacht ar ábhair ag an iar-bhunleibhéal.

2.1.2. *Ionduchtú, Promhadh agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach*

Caithfear tú feidhme a thabhairt go fóill do chumhactaí reachtúla na Comhairle maidir le hionduchtú, promhadh agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Dheimhnigh an t-iar Aire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan, TD, go dtiocfaidh feidhmeanna na Comhairle don ionduchtú agus don phromhadh i bhfeidhm do gach műinteoir nua i mí Mheán Fómhair 2012. Níl aon dáta tugtha fós don tú feidhme ar ról na Comhairle maidir le cláir don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chreidiúnú.

2.2. Taighde

Tá sé dlite san Acht um Chomhairle Mhúinteoiriachta, 2001, go dtabharfaidh an Chomhairle faoi thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar ghnóthaí bainteach le feidhmeanna na Comhairle. Cruthaíonn Polasaí Taighde na Comhairle ancreat ina ndéanann sí a cuspóir i leith na taighde a chur i bhfeidhm.

2.2.1. Sparántachtaí Taighde



Áine Lawlor, Príomhfeidhmeannach (clé) agus Teresa O'Driscoll (deas) bean chéile Chiarán Úi Dhrisceoil, a d'éag, ag bronnadh na sparántachtaí cuimhneacháin.

Go dáta, tá an Chomhairle tar éis cheithre scéim sparántachtaí taighde a reachtáil do mhúinteoirí agus do dhaoine eile i mbun taighde i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Rinneadh maoiniú ar 86 múinteoirí faoi na scéimeanna seo, agus bronradh na sparántachtaí eile ar 22 eile a bhí i mbun taighde bainteach le teagasc, foghlaim agus measúnú.

Sa bliain tuairiscithe, bhronn an Chomhairle 36 sparántachtaí le mórchiste €123,000. Ainmníodh an tsraith sparántachtaí seo, an ceathrú ceann a bhronn an Chomhairle, in onóir Chaoimhín Úi Dhrisceoil, múinteoir díograiseach agus inspioráideach a bhí mar

bhall urraimeach den Chomhairle Mhúinteoiriachta agus ar chúis bróin a bhás i Márta 2010.

Tá an Chomhairle muiníneach go bhféadfaidh an taighde atá idir lámha cur le cáilíocht na müinteoiriachta agus na foghlama in Éirinn agus, le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, tosaíodh ar choimrithe de thaighde críochnaithe a fhoilsíú ar www.oide.ie. Táthar ag súil, thar thréimhse ama, go mbeidh leathanach taighde na Comhairle mar fhoinsí luachmhar taighde ag müinteoirí atá ag müineadh agus acu siúd uile a bhfuil spéis acu sa teagasc, sa bhfoghlaim agus sa mheasúnú.



Faighteoirí Sparántachta Taighde na Comhairle Múinteoiriachta, a bronnadh in onóir do Chaoimhín Ó Drisceoil ag searmanas i Maigh Nuad, 5 Deireadh Fómhair 2011.

2.2.2. Taighde Coimisiúnaithe

I mí an Mheithimh 2010 cuireadh maoiniú ar fáil d'fhoireann ceathrar múinteoir iardhochtúireachta, faoi stiúir an Ollaimh Mark Morgan ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, chun taighde a dhéanamh dar teideal *Taighde Cleachtasbhunaithe a Chuimsíonn Forbairt Ghairmiúil*.

Tá an taighde, atá scoilbhunaithe, lárnaithe sa bhféinmheastóireacht múinteora mar a n-aithníonn múinteoirí na croíluachanna a théann i bhfeidhm ar a gcleachtas, agus déantar tástáil ar an mbealach ina mbíonn na luachanna seo á gcleachtadh acu ó lá go lá ina gcleachtas gairmiúil sa seomra ranga. Thosaigh an taighde i gceithre láthair éagsúl le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú. Tá sé i gceist go gcuirfidh an fhoireann tuarascáil eatramhach ar na torthaí ar fáil do chomhdháil náisiúnta na Comhairle i mí na Samhna 2011.

I mí luil 2010, rinne an Chomhairle coimisiúnú ar an ITES (Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) chun dhá phíosa taighde a dhéanamh ar:

- An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ag Múinteoirí Bunscoile
- Deitearmanaint ar Shásamh as Post agus ar Strus Oibre ag Múinteoirí Bunscoile

Ag deireadh na bliana ar a ndéantar tuairisciú, bhí críoch á chur leis an dá thaighde ón ITES don fhoilseachán. Foilsíodh iad ina dhiaidh sin ar www.oide.ie i mí an Mheithimh 2011.



[C-D]: Dr Mary Roche; Dr Máirín Glenn; Dr Bernie Sullivan; Dr Caitríona McDonagh, údair 'Practice-based Research Encompassing Professional Development'.

3. Cur Chun Cinn na Múinteoiracht mar Ghairm

Tá cur chun cinn na múinteoiracht mar ghairm go lárnach in obair na Comhairle. Dhírigh an Chomhairle ar roinnt straitéisí chun an sprioc seo a chur chun cinn.

3.1. Caidreamh leis na Meáin

Teachers should be celebrated for their help through crises

Research bursaries for Kilkenny teachers

LYIT degree gets extra recognition

Cork teachers scoop prestigious bursary awards

Higher maths proposal for teacher training courses

Bursaries for Limerick-based researchers

Teacher Barry bursting with pride

Mar chuid dá ról i gcur chun cinn na múinteoiracht mar ghairm, éilíonn an Chomhairle Mhúinteoirachta deiseanna cuí sna meáin chun seasamh le proifíl na múinteoiracht mar ghairm agus chun feasacht a ardú maidir le hobair na Comhairle.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, eisíodh 21 preasráiteas, ar phreachaisiúintí ginearálta iad ceithre cinn acu sin. Ba eisiúintí áitiúla iad an chuid eile chun freastal ar riachtanais na meáin réigiúnacha. Scríobhadh altanna do raon foilseachán ar a n-áirítear an preas náisiúnta, foilseacháin ar líne agus iriseáin na n-eagraíochtaí ionadaíocha san oideachas.

3.2. Lá Domhanda na Múinteoirí

Is é 5 Deireadh Fómhair Lá Domhanda na Múinteoirí, ócáid dhomhanda chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhúinteoirí agus ar an ról lárnach a bhíonn acu i gcothú agus i dtreorú mac léinn trí phróiseas fad saoil na foghlama.

I 2010, ba é téama Lá Domhanda na Múinteoirí ná ‘Tosaíonn an tAthshlánú le Múinteoirí’. Chruthaigh an lá deis chun tacaíocht a léiriú do mhúinteoirí a ndeachaigh géarchéim i bhfeidhm orthu go díreach nó go hindíreach.

Mar chomhartha aitheantaí ar Lá Domhanda na Múinteoirí i 2010, d’fhoilsigh an Irish Independent alt ón gComhairle Mhúinteoirachta.

3.3. Taispeántais

I gcaitheamh na bliana, bhí baill foirne i láthair ag roinnt taispeántas gairme agus ag na trí chomhdhálacha ag ceardchumainn na múinteoirí. Tugann na taispeántais ghairme deis luachmhar chun bualadh le múinteoirí dochúla, agus comhairle a chur orthu, mar aon le gairm na múinteoiracht a chur chun cinn. Mar sin féin ba chúis díomá, i ngeall ar chiorruithe foirne, gurbh éigin diúltú do roinnt cuirí.

4. Eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil a Fhorbairt agus a Chothabháil chun Tacú le hObair na Comhairle

Tá an Chomhairle san airdeall maidir leis an ngá atá ann eagraíocht éifeachtach agus cost-éifeachtúil a rith, agus déanann sí monatóireacht agus forbairt go leanúnach ar a próisis agus a córais chun a dheimhniú go leanann siad go héifeachtach de réir barrchleachtais an rialachais chorparáidigh.

4.1. Fás agus Forbairt, Plean Straitéiseach 2008-2011

Rinneadh obair na Comhairle de réir feidhmeanna an Acharta um Chomhairle Mhúinteoiríreachta, 2001. Mar chomhlónadh ar an riachtas don phleanáil straitéiseach mar atá sa Chód Cleachtais don Rialachas ar Chomhlachtaí Stáit, tugann an chéad phlean straitéiseach ón gComhairle, Fás agus Forbairt 2008-2011 treoir don Chomhairle de réir mar a leanann sí le cur i bhfeidhm an Acharta a chur chun cinn.

Tosaíodh le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú ar an bpróiseas ar phlean straitéiseach nua a fhorbairt don tréimhse dar túis 2012.

4.2. Cód Cleachtais

I 2009, ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais do bhaill na Comhairle, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir/POF agus don Rúnaí. Is é atá mar chuspóir leis an doiciméad seo ná:

- cód a rianadh do rialachas corporáideach na Comhairle Mhúinteoiríreachta;
- treoir a sholáthar do bhaill na Comhairle, don Chathaoirleach, do Rúnaí na Comhairle agus don Stiúrthóir/POF trí na feidhmeanna atá acu faoi seach a leagann amach;
- an t-údarás agus na freagrachtaí faoi seach a bhunú go soiléir; agus
- feidhmeanna faoi leith a tharmligeán ón gComhairle go dtí an Stiúrthóir/POF.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an gCód Cleachtais lena dheimhniú go gcloíonn sé le Cód Cleachtais do Chomhlachtaí Reachtúla na Roinne Airgeadais.

Tá fáil le híoslódáil ar an gCód Cleachtais ar www.oide.ie

4.3. Struchtúr Coistí

Ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar a cuid oibre agus í ag comhlónadh a cuid dualgas, tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéal bunaithe ag an gComhairle. Tá na sonraí a bhaineann le feidhmeanna agus ballraíocht gach ceann acu seo ar fáil in Aguisín 3. Tá sceideal na gcruiinnithe a tionóladh sa bliaín tuairiscithe curtha ar fáil i dTábla 4.

Tábla 3: Sceideal Cruinnithe ag an gComhairle agus ag Coistí le linn na bliana dar críoch
27 Márta 2011

	Líon na gcruiinnithe
Comhairle	5
Coiste Feidhmiúcháin*	6
Coiste Imscrúdúcháin*	6
Coiste Araíonachta*	(comhchruiinnithe)
Coiste Clárúcháin	5
Coiste Oideachais	6
Coiste Airgeadais	5
Coiste Iniúchóireachta	2
Painéal ar Fhianaise Carachtair	8
Painéal na nlarratas (Bunscoile)	8
Painéal na nlarratas (Iar-Bhunscoile)	9
Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin (Bunleibhéal)	5
Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin (Iar-Bhunleibhéal)	6

* Coistí Reachtúla

4.4. Rialachas Corparáideach

Tá an Chomhairle san airdeall faoin tábhacht a bhaineann le dea-rialachas corparáideach agus táthar ag tabhairt go gníomhach faoi threoirlínte na Roinne Airgeadais ar rialachas corparáideach d'eagraíochtaí Stáit a chur i bhfeidhm. Trína Coiste Iniúchóireachta tá córas bunaithe ag an gComhairle do smachtaí inmheánacha ar chaiteachas agus tá a tuarascáil bhliantúil agus a cuntas airgeadais iniúchta foilsithe. Tá forbairt déanta freisin ar phróisis do mheasúnú agus do bhainistíocht riosca, cóid iompar gnó do bhaill agus d'fhoireann na Comhairle araon, agus cód cleachtais don Chomhairle, mar atá i 4.2 thuas. Bíonn nósanna imeachta maidir le nochtadh leasa agus géilliúntas do riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí mar chuid de shocruithe na Comhairle i leith an rialachais chorparáidigh freisin.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, rinneadh measúnú seachtrach ar shocruithe na Comhairle don rialachas corparáideach. Tá na hathruithe a moladh á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

4.5. Bainistíocht Acmhainní

4.5.1. Acmhainní Daonna

Lean an leibhéal foirne faofa ar 27 Márta 2010 ag 28.5 post. Le linn na bliana tuairiscithe, ceapadh roinnt ball foirne ar bhonn sealadach ag amanna nuair a bhí mór-ualach gníomhaíochta ann, ar nós athnuachan clárúchán agus tréimhse an tsamhraidh do chlárúchán na gcéimithe.

Cuireadh soiléiriú ar fáil don Chomhairle go mbaineann moratorium an earnáil phoiblí le foireann na Comhairle in ainneoin a stádas féinmhaoinithe. Tá an Chomhairle tar éis a hábhair imní a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna, maidir leis an tionchar atá ag an moratorium ar obair na Comhairle.

Rinne an Coiste Comhpháirtíochta don fhoireann plé agus díospóireacht ar roinnt ábhar bainteach le seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú.

Tá fáil in Aguisín 1 ar na sonraí a bhaineann le struchtúr bainistíochta na Comhairle.

4.5.2. Airgeadas

Díríonn rannóg an Airgeadais a lán dá cuid oibre ar bhainistíocht na dtáillí athnuachana clárúcháin. Buaicthréimhse don athnuachan clárúcháin gach bliain a bhíonn sa tréimhse ó Eanáir go Mártá. Le linn an ama seo i 2011, tugadh cuireadh do 48,970 mhúinteoir cláraithe (thart ar 69% de na mhúinteoirí ar an gclár) a gclárúchán a athnuachan ar feadh bliana eile. Chun an t-airgead a bhí ag teacht isteach don chlárúchán a bhainistiú agus chun cur leis na héifeachtúlachtaí, rinneadh mionleasuithe ar phróisis airgeadais na Comhairle agus na cleachtais airgeadais, an t-athnuachan ar líne san áireamh. Sa bliaín ar a ndéantar tuairisciú, rinne breis agus 45% de mhúinteoirí a gclárúchán a athnuachan ar líne.

Bhí €3.89m mar chaiteachas ag an gComhairle sa bliaín airgeadais 2010. Áirítear costais foirne, cíos ar chóiríocht, postas, foilseacháin agus costais TEC, mar phríomhréimsí caiteachais. Bhí €7.14m mar theacht isteach don tréimhse, táillí clárúcháin agus measúnaithe a bhí i gceist den chuid is mó. Eascraíonn an barrachas ón mhoill a cuireadh ar roinnt de na feidhmeanna san Acht um Chomhairle Mhúinteoiríreachta, 2001 a thosú, agus an caiteachas a leanann a bheith curtha siar. Nuair a bhíonn feidhmeanna breise á nglacadh ag an gComhairle méadóidh costas na Comhairle go mór agus í ag tabhaint faoi théarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh. Bainfear úsáid as an mbarrachas reatha chun plé leis na costais oibríochtaúla breise agus an táille á choimeád ag an leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair. Ina theannta sin, tá roinnt den bharrachas ioncaim coinnithe chun na speansais ar fhiachais dhlithiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn a ghlanadh.

Tá fáil ar Ráitis Airgeadais Iniúchta na Comhairle do 2010 in Aguisín 5.

4.5.3. TEC

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, rinne an Chomhairle roinnt dá córas teicneolaíochta a uasgrádú ar mhaithle le hiontaofacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Rinneadh an córas bunachar sonraí, ar a gcoimeádtar clár na mhúinteoirí, a uasghrádú agus cuireadh roinnt ríomhaire deisce tua ar fáil in ionad cinn a bhí ann cheana. Thug an Chomhairle isteach córas taifeadta do ghlaochanna don traenáil agus lena dheimhniú go mbíonn seirbhís ardcháilíochta ar fáil do mhúinteoirí ar an nguthán.

4.5.4. Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó an Chlárúcháin

Rinne an Chomhairle Mhúinteoirreachta coimisiúniú ar phróiseas gnó chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de phróiseas clárúcháin múinteoirí na Comhairle. Rinne an tuarascáil ar an athbhreithniú raon leathan athruithe ar chórais agus ar phróisis na Comhairle a mholadh agus tá foireann bhainistíochta na Comhairle ag tabhaint futhu seo faoi láthair, i gcomhréir le plean dhá bhliana don chur i bhfeidhm.

4.6. Cumarsáid le Páirtithe Leasmhara

Cuireann an Chomhairle i bhfeidhm clár cuimsitheach cumarsáide a dhíríonn ar chumarsáid a chothabháil agus a fheabhsú lena páirtithe leasmhara uile ar a n-áirítear múinteoirí, eagraíochtaí ionadaíocha, ceardchumainn múinteoirí agus eagraíochtaí eile atá ag obair in earnáil an oideachais. Déantar monatóireacht rialta ar an gclár seo lena dheimhniú go mbaintear úsáid as na bealaí cumarsáide is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is oriúnaí. Ba iad seo a leanas roinnt de na príomhthosaíochtaí a bhí ag feidhmiú le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú:

4.6.1. Daoine Teagmhála na Comhairle Múinteoirreachta



Pictiúr tógtha ag an gcuirinniú réigiúnach le Daoine Teagmhála i gCorcaigh ina bhfuil Christy Carroll, Ball den Chomhairle Múinteoirreachta [C], Áine Lawlor, POF [D], James Mulcahy, Stiúrthóir, Ionad Oideachais Chorcaí [ar cúll] agus beirt mhúinteoir a bhí ag glacadh páirte.

elolas breise a bhailíú faoi ról agus obair na Comhairle Múinteoirreachta le tabhaint ar ais go scoileanna mar aon le haischothú a roinnt ar a chéile. Sa bhliain tuairiscithe tharla naoi gcinn dá leithéid de chruinnithe ar fud na tíre. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí breis agus 1,300 múinteoir ainmnithe mar dhaoine teagmhála dá scoileanna.

4.6.2. Nuachtlitir

Rinneadh eagrán an fhómhair d'Oide, nuachtlitir na Comhairle Múinteoirreachta, a fhoilsíú agus a dháileadh i mí Dheireadh Fómhair 2010.

Lean an Chomhairle leis an mbolscaireacht ar dhaoine teagmhála a cheapadh i scoileanna agus í mar aidhm leis seo go mbeidh múinteoir cláraithe amháin i ngach scoil mar dhuine teagmhála na Comhairle Múinteoirreachta agus go ndeimhneofar dá réir go ndéanfar foilseacháin agus eolas eile a dháileadh ar chomhghleacaithe.


Dhírigh cuid mhór den bholscaireacht ar na cruinnithe réigiúnacha le daoine teagmhála. Thug na cruinnithe seo deis do dhaoine teagmhála

4.6.3. Gréasán Idirlín Corparáideach

Ó bunaíodh í i 2006, tá méadú mór tagtha ar a feidhmeanna, agus é mar thoradh air sin nach raibh dearadh an ghréasán ábalta leanúint ag feidhmiú mar fhoinsí eolais éifeachtach agus áisiúil don úsáideoir. I gcaitheamh na bliana, rinneadh láithreán gréasán na Comhairle, www.oide.ie, a athdheارadh chun comhéadan níos fearr a chur ar fáil do na húsáideoirí éagsúla, agus cuireadh leis an t-ábhar. Bhí dul chun cinn maith déanta ar an láithreán gréasán ag deireadh na bliana tuairiscithe agus ina dhiaidh sin rinneadh beo é i mí an Mheithimh 2011.

Ar an meán thug 33,485 daoine cuairt ar an láithreán gréasán gach mí idir Aibreán 2010 agus Mártá 2011. Seo méadú 20% ar an mbliain roimhe sin nuair a bhí thart ar 27,780 cuairteoir go míosúil. I mí Mártá 2011 a bhí buaicphointe na gcuairteanna, agus tagann sé seo leis an tréimhse athnuachana clárúchán do thromlach na múinteoirí (47,909 cuairteanna).

Figiúr 3. Cuairteanna chuig Láithreán Gréasán na Comhairle Múinteoiriachta, Aibreán 2010 go Mártá 2011



4.6.4. Ríomhphoist Eolais

I rith na bliana, eisíodh naoi ríomhphost eolais chuig múinteoirí cláraithe a raibh seoladh ríomhphoist curtha ar fáil acu don Chomhairle. Chlúdaigh na ríomhphoist eolas ar imeachtaí reatha, ar an bpróiseas comhairliúchán a bhain leis an dréacht *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*, eagrán an fhómhair d’Oide agus Lá Domhanda na Múinteoirí. Ar an meán, cuirtear gach eisiúint chuig breis agus 55,000 seoladh ríomhphoist. Is bealach díreach agus cost-éifeachtúil é seo le cumarsáid a dhéanamh agus moltar do mhúinteoirí seoladh ríomhphoist a chur isteach ar an gClár.

4.6.5. Teagháil le hEagraíochtaí lonadaíocha

Tá an Chomhairle tiomanta do chaidrimh a forbairt agus a chothabháil le páirtnéirí an oideachais.

Freastalaíonn a Stiúrthóir/POF agus an fhoireann sinsearach ar roinnt comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe chun an sprioc seo a chur chun cinn. Tá an Chomhairle tiomanta freisin don rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le forbairtí i rialúcháin agus, sa bhliain tuairiscithe, chuir an plé agus an t-aischothú faoi ghnéithe ar nós seiceáil an Gharda, oideachas múinteoirí d'earnáil an bhrefisoideachais mar aon leis na riachtanais don cheadú ar an gClár eolas ar fáil d'obair na Comhairle sna réimsí seo.

4.7 Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Tá an Chomhairle faoi réir ag riachtanais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (Acht FOI) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Rinneadh ceithre iarratas ar eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú. Rinneadh ceann de na hiarratais a aistharraingt agus pléadh leis seo lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise.

4.8 Gaeilge

Bíonn soláthar ar leith le fáil ón gComhairle do sheirbhísí trí Ghaeilge agus leanann sí na riachtanais a éilíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.


I rith na bliana, deimhníodh maidir le gach cumarsáid a fuair an Chomhairle trí Ghaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar an nguthán, gur tugadh freagra i nGaeilge líofa ar gach ceann acu sin.

4.9 Sláinte agus Sábháilteachta

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisciú, chuir grúpa oibre den fhoireann críoch, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Páirtnéireachta Foirne, le dréacht de ráiteas sábháilteachta na Comhairle i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Thug an Chomhairle faomhadh don ráiteas sábháilteachta i mí Bealtaine 2010 agus rinneadh é seo a chur in iúl don fhoireann.

AGUISÍN 1

Struchtúr Bainistíochta na Comhairle ar 27 Mártá 2011



AGUISÍN 2

Baill na Comhairle

Tá 37 ball ar an gComhairle mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile, naonúr ó thoghchán agus beirt ainmnithe ag aontas na múinteoirí
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile, seachtar ó thoghchán agus ceathrar ainmnithe ag aontas na múinteoirí
- Beirt ainmnithe ag na Coláistí Oideachais
- Beirt ainmnithe ag eagrais tríú leibhéal sonraithe
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)
- Beirt ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine ag leibhéal bunscoile agus duine ag leibhéal iar-bhunscoile) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ina measc ionadaí ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) agus ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Seo a leanas baill na Comhairle Mhúinteoireachta ar 27 Márta 2011:

Member	Category	Sector
Michael Barry	Ainmní	CMMÉ (ASTI)
Mary Brennan	Tofa	Bunscoileanna
Noel Buckley	Tofa	Meánscoileanna Deonacha
Antoinette Buggle	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Christy Carroll	Tofa	Bunscoileanna
Jerry Cronin	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)
Lily Cronin (Cathaoirleach)	Tofa	Meánscoileanna Deonacha
Elaine Devlin	Ainmní	CMMÉ (ASTI)
Oliver Donohoe	Ainmní	Aire (ICTU)
Emer Egan	Ainmní	Aire
Ciarán Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal)
Eileen Flynn	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Dr Jim Gleeson	Ainmní	Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal
Professor Kathy Hall	Ainmní	Ollscoileanna & Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal

Susie Hall	Tofa	Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
Dr Pádraig Hogan	Ainmní	Aire
Micheál Kilcrann	Tofa	Bunscoileanna
Vivienne MacSweeney	Ainmní	AMÉ (TUI)
Christopher Maginn	Tofa	Meánscoileanna Deonacha
Gerry Malone (Leas Chathaoirleach)	Ainmní	CMÉ (INTO)
Dr Kevin Marshall	Ainmní	Aire (IBEC)
Anita McCann	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)
Fergal McCarthy	Tofa	Scoileanna Gairmoideachais
Anne McElduff	Ainmní	CMÉ (INTO)
Pat McQuaile	Tofa	Scoileanna Gairmoideachais
Dympna Mulkerrins	Tofa	Bunscoileanna
Micheál Ó Gríofa	Tofa	Bunscoileanna
Alice O'Connell	Tofa	Bunscoileanna
Maree O'Connell	Tofa	Bunscoileanna
Dr Anne O'Gara	Ainmní	Coláistí Oideachais
Tim O'Meara	Ainmní	AMÉ (TUI)
Bernadine O'Sullivan	Tofa	Meánscoileanna Deonacha
Eleanor Petrie	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunleibhéal)
Dr Seán Rowland	Ainmní	Aire
Seán Rowley	Tofa	Bunscoileanna
Dr Pauric Travers	Ainmní	Coláistí Oideachais
Milo Walsh	Tofa	Bunscoileanna

AGUISÍN 3

Coistí, Grúpaí agus Painéil na Comhairle

Ar mhaite le héascaíocht a dhéanamh ar a cuid oibre tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéil bunaithe ag an gComhairle. Tá na mionsonraí faoi fheidhmeanna agus faoi bhallraíocht gach ceann acu seo le fáil thíos.

An Coiste Feidhmiúcháin

Is é cuspóir an Choiste Feidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a reachtáil idir ghnáthchruinnithe ginearálta na Comhairle. Tá siad seo a leanas mar chuid de shainchuspóirí an choiste:

- Feidhmiú mar mheicníocht chomhordaithe chun gníomhú ar thrasghnóthaí de réir mar a eascraíonn siad
- Feidhmiú thar ceann na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta den Chomhairle a eagrú i ngeall ar chuínsí ama nó cúinsí eile
- Orduithe eatramhacha a dhéanamh ar son na Comhairle nuair a bhíonn práinn i gceist agus nuair nach féidir leis an gComhairle cruinniú a eagrú ar ghearr-fhógra
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le bunú, ballraíocht, téarmaí tagartha agus leanúnachas coistí
- Tuairisciú go rialta don Chomhairle.

Ar 27 Márta 2011, bhí 11 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Feidhmiúcháin mar seo a leanas:

Lily Cronin (Cathaoirleach)

Noel Buckley

Emer Egan

Ciarán Flynn

Dr Jim Gleeson

Gerry Malone

Fergal McCarthy

Anne McElduff

Pat McQuaile

Dr Seán Rowland

Seán Rowley

An Coiste Imscrúdúcháin

Nuair a bhíonn Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoirreachta ag feidhmiú beidh an Chomhairle, nó aon duine eile, ábalta iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdúcháin maidir le hiniúchadh ar oiriúnacht don chleachtas aon mhúinteora sna cúinsí seo a leanas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlónadh, nó má sháraigh sé/sí, an tAcht um Chomhairle Mhúinteoirreachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, nó aon rialachán, rialacha nó ordúithe atá clúdaithe faoi na hAchtanna seo
- Má shíltéar iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos san Acht um Chomhairle Mhúinteoirreachta, 2001
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchruinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífháisnéis a bheith léirithe nó
- Muna mbíonn ar a c(h)umas teagasc i ngeall ar chúinsí leighis.

Ní bheidh baint ag an gCoiste ach an oiread le gnóthaí laethúla a bhaineann le conradh ná le haraónacht, ná ní bheidh suntas á thabhairt ag an gComhairle do ghearáin ar féidir déileáil níos fearr leo ag an leibhéal áitiúil.

Nuair a shíltéar é a bheith cuí a leithéid a dhéanamh, cuirfidh an Coiste an t-iarratas ar aghaidh chuig an gCoiste Araónachta.

[Ar 27 Márta 2011, bhí 11 ball mar chomhdhéanamh ar an gCoiste Imscrúdúcháin mar seo a leanas:](#)

Gerry Malone (Cathaoirleach)

Antoinette Buggle

Elaine Devlin

Oliver Donohoe

Ciarán Flynn

Vivienne MacSweeney

Anita McCann

Dymphna Mulkerrins

Tim O'Meara

Bernadine O'Sullivan

Milo Walsh

An Coiste Araónachta

